# Cúirt an Ṁeán Oíċe

Ba ġnáṫ mé ag siúl le ciuṁais na habann
Ar ḃáinseaċ úr is an drúċt go trom,
In aice na gcoillte, i gcoim an tslé’,
Gan ṁairg, gan ṁoill, ar ḟoilse an lae.
Do ġealad mo ċroí nuair ċínn Loċ Gréine,
An talaṁ, an tír, is íor na spéire;
Taitneaṁaċ aoibinn suíoṁ na sléibte
Ag bagairt a gcinn ṫar droim a ċéile.
Do ġealfad an croí ḃead críon le cianta,
Caite gan ḃrí, nó líonta de ṗianta,
An féiṫleaċ searḃ gan sealḃ gan saibreas
D’ḟéaċfad tamall ṫar ḃarra na gcoillte
Ar laċain ’na scuainte ar ċuan gan ċeo
’S an eala ar a ḃfuaid ’s í ag gluaiseaċt leo;
Na héisc le meidir ag éirí in airde,
Péirse im radarc go taiḃseaċ tarrḃreac,
Daṫ an loċa agus gorm na dtonn
Ag teaċt go tolgaċ torannaċ trom.
Ḃíod éanlaiṫ i gcrainn go meidreaċ móṁar
Is léimneaċ eilte i gcoillte im ċóngar,
Géimreaċ adairce is radarc ar ḟlóite,
Tréanruiṫ gadar is Reynard rómpu.
Tréanruiṫ gadar is Reynard rómpu.